

Ábhar Bhailiúchán na Scol ó Chontae Mhuineacháin ar www.duchas.ie anois

Is féidir béaloideas agus stair áitiúil ó Chontae Mhuineacháin a léamh ar www.duchas.ie anois.

Ábhar béaloidis a thaifead daltaí scoile idir 1937 agus 1939 is ea Bailiúchán na Scol, cuid thábhachtach de Chnuasach Bhéaloideas Éireann, UCD. Tá breis agus leathmhilliún leathanach i gceist, a thaifead tuairim is 50,000 dalta bunscoile sna 26 chontae.

Tá ábhar as na contaetha sin á chur ar fáil ar thaisclann nua de bhéaloideas na hÉireann, dúchas.ie, ó dheireadh 2013 agus is í aidhm an tionscadail go mbeidh imleabhair uile Bhailiúchán na Scol ar fáil ar líne faoi dheireadh 2016. Tá ábhar ó Bhaile Átha Cliath, ó Mhaigh Eo, ó Dhún na nGall, ó Phort Láirge, ó Ghailimh, ó Liatroim, ó Chill Dara, ó Chiarraí, ó Shligeach, ó Luimneach agus ó Laois ar fáil ar an suíomh cheana. Is toradh é dúchas.ie ar chomhpháirtíocht a cuireadh ar bun in 2012 idir Cnuasach Bhéaloideas Éireann (UCD), Fiontar (DCU) agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Cuirfidh Éireannaigh agus lucht an diaspóra araon suim sa suíomh seo. Is áis iontach é dúchas.ie do thaighdeoirí a chuireann suim i léann an bhéaloidis, sa stair áitiúil, sa tseandálaíocht, i gcúrsaí ginealais, sa teangeolaíocht agus i réimsí taighde eile. Is féidir an bailiúchán a chuardach faoi láthair de réir áiteanna agus de réir daoine; seolfar cuardach de réir topaicí go luath.

Ghlac tuairim is 140 scoil páirt sa scéim i gContae Mhuineacháin agus tiomsaíodh 32 imleabhar mhóra d'ábhar béaloidis.

Dúirt an tAire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta, Joe McHugh, TD, 'Is céim thábhachtach eile í seo sa tionscadal nuálach seo a chuirfidh ábhar úr maidir le saol traidisiúnta na hÉireann sna blianta a chuaigh thart ar fáil don phobal i gcoitinne. Cuirfidh an t-ábhar nua seo ar chumas an taighdeora agus go leor daoine eile an difríocht a fheiceáil idir saol an lae inniu agus an saol mar a bhíodh, breis agus 80 bliain ó shin.'

Tá dúchas.ie á fhorbairt ag Fiontar, aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge in DCU, agus ag Cnuasach Bhéaloideas Éireann in UCD, ceann de na cnuasaigh béaloidis is mó ar domhan. Tá an tionscadal á chómhaoiniú ag UCD agus ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta.


Tá ról comhairleach ag Taisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI) in obair dúchas.ie maidir le caighdeán agus idir-inoibritheacht i gcartlannú digiteach.

CRÍOCH

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le Clare Coughlan

clare.coughlan@dcu.ie

(01) 700 6577



*An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht*



Nóta d’eagarthóirí:**Scéalta ó Chontae Mhuineacháin**

Tá ainm fhoireann peile Mhuineacháin in airde faoi láthair agus tá an-dúil ag pobal an chontae sa chluiche, rud a bhí i gceist fosta le linn na 1930idí, de réir dealraimh. Déantar ceiliúradh san amhrán [seo](#) ar bhua cáiliúil a fuair peileadóirí an Mhullaigh Dhuibh ar Dhúthamhlacht agus tá tuairisc san amhrán Gaeilge [seo](#) ar chluiche iomráiteach ina bhfuair peileadóirí an chontae an ceann is fearr ar Chontae Lú go luath sa chéad seo caite.

Luaitear naoimh áirithe le Contae Mhuineacháin, go háirithe Mac Cairthinn, bunaitheoir dheoise Chlochair, a bhfuil an ardeglais i mbaile Mhuineacháin ainmnithe as. Mínítear sa scéal [seo](#) as Cill Laobháin an dóigh ar bhronn Naomh Pádraig deoise Chlochair ar Mhac Cairthinn. Luaitear ann fosta mallacht a chuir Pádraig féin ar shráidbhaile Chill Laobháin nuair a chuir muintir na háite fáilte dhoicheallach roimhe! Tá dlúthbhaint ag naomh eile, Tiarnach, le Cluain Eois, áit ar bhunaigh sé mainistir, mar a deirtear sa scéal [seo](#).

Tá cuid mhór scéalta i mBailiúchán na Scol a bhaineann le hoidhreacht thógtha an chontae, ó iarsmaí réamh-Chríostaí go foirgnimh níos nuaí. Tá léaráid ag gabháil leis an scéal [seo](#) den tuama meigiliteach sna Cairn, Achadh Bog, agus baineann an scéal [seo](#) ón gCorr Chríochach le seanchas Chaisleán Mhanann, gar do Charraig Mhachaire Rois.

Agus é buailte leis an teorainn, tá tionscal bisiúil smuigléireachta i Muineachán le fada an lá agus léiríonn an t-ábhar ó Bhailiúchán na Scol go raibh an trádáil mhídhleathach sin ina chuid de sheanchas na háite faoi na tríochaidí déanacha, níos lú ná fiche bliain ó bunaíodh an teorainn úd. Tá cuntas san amhrán [seo](#) ó Láithreach ar earra neamhghnách a smuigleáil thar an teorainn agus insítear in amhrán [eile](#) ó Chluain Eois faoi bhullán ar leith a bhain geit as oifigigh custaim an Tuaiscirt nuair a tháinig siad air gan choinne.

Déantar ceiliúradh san amhrán [seo](#), a bailíodh i dTeach na dTrí Mhíle, ar Ghiorria na Leice, ainmí ar éirigh leis éalú ón gconairt i gcónaí. Tá cineál sin seilge a dhéantar de shiúl na gcós le madraí seilge beo i gcónaí sa chontae.

Traidisiún eile atá fós beo i gcontae Mhuineacháin an lae inniu is ea na leigheasanna traidisiúnta agus liostaítear agus mínítear an-chuid díobh sin i mBailiúchán na Scol, mar a léiríonn na samplaí seo ó [Thigh Thaláin](#), [Machaire Airne](#) agus an scéal Gaeilge seo ó [Lios Dúnáin](#).

Tá lear mór scéalta i mBailiúchán na Scol a bhaineann leis an saol eile agus le cúrsaí taibhsí. Is samplaí maithe iad an scéal [seo](#) ó Chúil Darach faoi adhlacadh anabaí agus an ceann [seo](#) ó Choill Ó Mearlaí faoi na síoga a raibh cónaí orthu sa lios.

Bunaíodh Scéim na Scol ag am tráthúil chun cuid de na hiarsmaí deireanacha de Ghaeilge Mhuineacháin a chaomhnú. Cé nach raibh an Ghaeilge á labhairt mar theanga an phobail a thuilleadh bhí roinnt seanchainteoirí dúchais fós beo, go háirithe i mbarúntacht Fhearnaí i ndeisceart an chontae. Bailíodh líon suntasach scéalta Gaeilge i scoileanna ar nós Taplach i bparóiste Dhomhnach Maighean. [Filíocht](#), [amhráin](#), [seanfhocail](#) agus [leigheasanna](#) is mó atá san ábhar Gaeilge seo agus ní phléitear leis an saol comhaimseartha mórán trí Ghaeilge ar chor ar bith.

I gceantair eile sa chontae, mar aon le go leor áiteanna eile ar fud na hÉireann, bhí go leor focal agus frásaí Gaeilge fós le cloisteáil sa Bhéarla mar is léir ó na liostaí seo a bailíodh in [Achadh Bog](#), [Baile an Scotaigh](#) agus [Lios Dúnáin](#).